# Nuacht Litir

# Nollaig 2022

## Fáilte!



Fáilte roimh na gasúir nua i Naíonáin Bheaga: Méadhbh, Caoimhe, Adhna, James, Peadar, Mason, Liam, Reece, Cian agus Ailbhe.



Fáilte freisin roimh Eibhlín, Abbey agus Ailbhe i Rang Mhícheál agus fáilte ar ais Mary King!

## Seachtain Mata 17/10/22

Ghlac muid páirt i Seachtain Mata arís i mbliana. Bhí na gasúir ag déanamh go leor gníomhachtaí difriúla idir cluichí mata agus tóraíocht taisce. Bhain siad an-sult as!







## Turas chuig Gairdín Bhríde 19/10/22 agus 20/10/22

Chuaigh an scoil uile chuig Gairdín Bhríde thar dhá lá. D'fhoghlaim na gasúir is sine faoi fhuinneamh neamh-inathnuaite agus bhí siúlóid nádúir ag na gasúir is óige. Bhí an-lá acu!







## Stáisiúin na Samhna 27/10/22

Tháinig gasúir ón Naíonra chuig an scoil chun stáisiúin na Samhna a dhéanamh. Bhí meascán gníomhnaíochtaí againn idir ealaín, cluichí, cócaireacht agus ag spraoi le chéile sa Ghairdín Céadfach. Bhain na gasúir uilig sa scoil an-sult as an lá !



## Cluiche Peile le Scoil Mhic Dara 27/10/22



Chuaigh na hardranganna suas chuig Páirc Ros a' Mhíl chun cluiche peile a imirt in aghaidh Scoil Mhic Dara. Bhí paráid acu ar dtús leis an gcupán a bhuaigh Mionúir na Gaillimhe do Chraobh na hÉireann.

## Oíche Shamhna 28/10/22



Bhain na gasúir an-sult as an lá agus iad gléasta suas i gcultacha difriúla! Bhí cóisir agus seó faisin againn! Is breá leo an t-am seo den bhliain!

## Oireachtas na Samhna 22

Comhghairdeas mór le Katie i rang a haon. Chuaigh sí chuig an t-

Oireachtas i gCill Airne agus fuair sí an dara háit i gcomórtas dánta. Fuair sí bonn álainn! Maith thú a Katie!



## Cruinniú Eolais 9/11/22



Bhí oíche eolais againn do na tuismitheoirí chun labhairt faoin bplean scoile atá againn don bhliain seo. Bhí plé freisin ar an bplean tógála agus ar choiste tuismitheoirí nua a bhunú. Míle buíochas le na daoine a tháinig amach agus le bhur dtacaíocht i gcónaí.

## Boscaí Hope



Míle buíochas le chuile dhuine a thug isteach bosca don bhfeachtas Boscaí Hope. Is carthanacht í Team Hope a bhíonn ag obair ar son gasúir bochta san Afraic agus in Oirthear na hEorpa. Nár lagar Dia sibh!

## Obair Thógála



Thosaigh an obair thógála ar an 28/11/22 ar thaobh na scoile chun seomra nua tacaíocht foghlama a thógáil. Tá muid ag súil go mbeidh an seomra réidh san Earrach. Tá go leor suim ag na gasúir ann!!

## Lá Pitseámaí 2/12/22



Bhí Lá Pitseámaí ag an scoil agus bhailigh muid €170.50 don bhfeachtas Pobail Simon na Gaillimhe. Fair plé chuile dhuine!

## Dráma na Nollag 16/12/22



Bhí Dráma na Nollag againn ar ais arís sa séipéal i mbliana! Bhí chuile pháiste páirteach ann. Bhí ócáid fíor speisialta againn.

## Pictiúrlann 19/12/22



Bhí 'treat' an-speisialta ag na gasúir. Chuaigh an scoil uilig chuig an bpictiúrlann i nGaillimh chun an scannán Elf a fheiceáil.

## Bertie Ó hAinmhire



Fuair ár gcathaoirleach, Bertie Ó hAinmhire, bronnadh iontach le gairid - an 'Campaigning and Activism Award 2022' mar chuid de Volunteer Ireland Awards. Tá Bertie tar éis obair crua a dhéanamh le Trócaire. Rinne muid bronnadh speisialta sa scoil dhó!

[https://www.trocaire.org/news/trocaires-bertie-ohainmhire-wins-volunteer-ireland-award-2022/](https://www.trocaire.org/news/trocaires-bertie-ohainmhire-wins-volunteer-ireland-award-2022/)

## Stáisiúin na Nollag 20/12/22

Tháinig an naíonra chuig an scoil le staisiúin na Nollag a dhéanamh arís linn. Rinne muid ealaín, bia don réinfhia, seacláid the agus bhí cluichí againn. Bhain na gasúir an-sult as!





**Ag guí Nollaig iontach oraibh ar fad!**



**Athoscailt na scoile: 5/1/23**